Maidir le: An Suirbhé Bunscoile – torthaí ár scoile agus na chéad chéimeanna eile

A Thuismitheoir/Chaomhnóir, a chara,

Gabhaimid buíochas le gach duine a ghlac páirt sa Suirbhé Bunscoile le déanaí.

Sheol an Roinn Oideachais agus Óige an suirbhé seo chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin gcineál scoileanna is fearr le tuismitheoirí/caomhnóirí.

Tá torthaí suirbhé ár scoile á gcomhroinnt againn leat anois.

Léirítear na nithe seo a leanas sna torthaí suirbhé atá ceangailte leis seo:

a. Roghanna tuismitheoirí/caomhnóirí ag a bhfuil leanaí atá rollaithe inár scoil faoi láthair; agus
b. Roghanna tuismitheoirí/caomhnóirí ag a bhfuil leanaí nach bhfuil rollaithe inár scoil go fóill ach a chuir in iúl go bhfuil sé de rún acu rollú inti.

Leagtar amach sna torthaí roghanna tuismitheoirí/caomhnóirí maidir leis na nithe seo a leanas:

Soláthar comhoideachais nó soláthar aonghnéis
Pátrúnacht/éiteas
Teanga an teagaisc (Béarla nó Gaeilge)

Conas na torthaí suirbhé a thuiscint

Tá treoir ceangailte leis seo chun cabhrú leat na torthaí suirbhé a thuiscint. I dtéarmaí simplí:

Léirítear leis na céatadáin atá i ndath glas agus atá i ndath ór roghanna na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí a ghlac páirt sa suirbhé.

Léiríonn an líne dhearg an lamháil earráide. Tugann sé seo raon timpeall ar thoradh an tsuirbhé, a léiríonn cé mhéad níos airde nó níos ísle a d'fhéadfadh an toradh a bheith dá mbeadh freagra tugtha ag **gach** tuismitheoir/caomhnóir leanaí i do scoil.

Mar shampla:

> Más rud é go bhfuil an líne dhearg iomlán **os cionn 50%**, ciallaíonn sé sin gur dócha gur fearr le níos mó ná leath de na tuismitheoirí/caomhnóirí an rogha sin, fiú ag ligean don lamháil earráide.

Cad a tharlóidh anois

Athbhreithneoidh an Bord Bainistíochta na torthaí suirbhé anois, agus é ag smaoineamh faoin difear a dhéanfaidh siad dár scoil.

Mar chuid de sin, féachfaimid lena chinntiú go mbeidh tuismitheoirí/caomhnóirí, baill foirne, scoláirí agus an mórphobal scoile in ann a dtuairimí a chomhroinnt linn. Nuair a bheidh an t-aiseolas ar fad bailithe againn, breithneoimid go cúramach é agus ansin cuirfimid tú ar an eolas faoi aon chinntí a dhéanfaimid agus faoi na chéad chéimeanna eile.

Mar shampla, más rud é go mbeidh rogha shoiléir ann i bhfabhar athrú a dhéanamh, féadfaidh an scoil 'foirm um léiriú spéise' in athrú a dhéanamh a chur faoi bhráid na roinne. Más rud é go dtarlóidh sé sin, tabharfaidh an roinn teagmhálaí tiomnaithe agus tacaí eile dúinn chun cabhrú lenár scoil tríd an bpróiseas seo.

Na chéad chéimeanna eile
Léigh na torthaí suirbhé dár scoil agus an treoirdhoiciméad atá ceangailte leis seo.

Is féidir leat aon bharúlacha nó aon aiseolas a sheoladh chugainn ag **oifig@gaelscoiluiriada.ie** faoin **30ú Meán Fómhair**

Go raibh maith agat as tacú leis an suirbhé seo, agus táimid ag tnúth le d'aiseolas a fháil.

Is mise le meas,

Séamus Ó Rinn & Breanndán Ó Gréilligh

Cathaoirleach agus Príomhoide

Subject: The Primary School Survey – our school's results and next steps

Dear Parent/Guardian,

Thank you to everyone who took part in the recent Primary School Survey.

The Department of Education and Youth carried out this survey to find out about the type of schools that parents/guardians prefer.

We are now sharing our school's survey results with you.

The attached survey results show:

The preferences of parents/guardians of children currently enrolled in our school; and
The preferences of parents/guardians of children not yet enrolled who indicated an intention to enrol in our school.

The results outline the preferences of parents/guardians for:

Co-educational or single-sex provision
Patronage/ethos
Language of instruction (English or Irish)

How to understand the survey results

We have attached guidance to help you understand the survey results. In simple terms:

The percentages in green and gold show what the parents/guardians who took part in the survey prefer.

The red line shows the margin of error. This gives a range around the survey result, showing how much the result might be higher or lower if **all** parents/guardians of children in our school had responded.

For example:

if the whole red line is **above 50%**, this means it is likely that more than half of all parents/guardians prefer that option, even allowing for the margin of error.

What happens next

The Board of Management will now review the survey results and think about what they mean for our school.

As part of this, we want to make sure that parents/guardians, staff, students, and the wider school community can share their views with us. Once we have gathered all feedback, we will consider it carefully and then let you know about any decisions we make and next steps.

For example, if there is a clear preference for a change, the school may submit an 'expression of interest form' for change to the department. If this happens, the department will provide us with a dedicated contact person and other supports, to help our school in this process.

Next steps
Please read the attached survey results for our school and guidance document.

You can send any comments or feedback to us at **oifig@gaelscoiluiriada.ie** by **30th September**

Thank you for your support with this survey and we look forward to receiving your feedback.

Yours sincerely,

Séamus Ó Rinn & Breanndán Ó Gréilligh

Chairperson and Principal